


Tá Éire sa 7ú háit in AE ar an Innéacs Comhionannais Inscne, agus **71.3 pointe bainte amach aici as 100 pointe**. Tá an scór sin 3.9 pointe níos airde ná scór AE. Tháinig méadú 9.4 pointe ar scór na hÉireann idir an bhliain 2005 agus an bhliain 2017 (+ 1.8 pointe ón mbliain 2015 i leith), lena léirítear dul chun cinn níos gasta i dtreo comhionannas inscne ná Ballstáit eile AE.

Bhog Éire ar aghaidh trí háit sa rangú ón mbliain 2005 i leith. Tá scóir na hÉireann níos airde ná scóir AE i ngach réimse. Tá na neamhionannais inscne is suntasaí le feiceáil i réimse na cumhachta (53.4 pointe), ach is ar an scór sin a tháinig an feabhas is mo ón mbliain 2005 i leith (+ 21.3 pointe). Bhain Éire a scór is airde amach i réimse na sláinte (90.9 pointe). Níor tháinig maolú ar bith ar réimsí na hÉireann idir an bhliain 2005 agus an bhliain 2017, ach ní dhearnadh aon dul chun cinn i réimse an ama (gan athrú) ná mórán dul chun cinn i réimse na sláinte (+ 0.5 pointe).

IDIR AN BHLIAIN 2005 AGUS AN BHLIAIN 2017, CHUIR ÉIRE FEABHAS AR A CUID SCÓIR SAN INNÉACS, BHOG SÍ AR AGHAIDH NÍOS TAPÚLA NÁ AE AGUS BHAIN SÍ SCÓIR NÍOS AIRDE AMACH. MHÉADAIGH AN BHEARNA SIN IDIR ÉIRE AGUS AE LE HIMEACHT AMA.

Tá an dul chun cinn in Éirinn níos fearr ná meán AE




Gach bliain tugaimid scóir do Bhallstáit AE agus do AE ina iomláine le féachaint cé mhéid atá le déanamh acu chun comhionannas inscne a bhaint amach. Baintear úsáid as scála ó 1 go 100, inar ionann 1 agus neamhionannas iomlán agus inar ionann 100 agus comhionannas iomlán.

Bíonn na scóir sin bunaithe ar na bearnaí idir mná agus fir agus ar na leibhéil ghnóthachtála i sé phríomhréimse: obair, airgead, eolas, am, cumhacht agus sláinte. Cuirtear dhá réimse bhreise san áireamh san Innéacs ach ní bhíonn tionchar acu ar an scór deireanach. Le réimse na neamhionannas trasnaíoch, tarraingítear aird ar an gcaoi a dtarlaíonn neamhionannais inscne i gcomhréir le haois, míchumas, tír breithe, oideachas agus cineál teaghlai. I réimse an fhoréigin in aghaidh na mban déantar eispéiris na mban le foréigean a thomhas agus a anailísiú.

Chomh maith le léiriú a thabhairt ar scóir an Innéacs, áirítear leis an Innéacs Comhionannais Inscne 2019 fócas téamach ar an gcothromaíocht oibre is saoil.

Scóir an Innéacs Comhionannais Inscne do Bhallstáit AE, 2005 agus 2017






Obair

Ghnóthaigh Éire 75.5 pointe i réimse na hoibre, lena léirítear méadú 4.4 pointe ón mbliain 2005 (+ 1.6 pointe ón mbliain 2015), agus bhí feabhas le feiceáil ó thaobh comhionannas inscne de i bhforéimse na rannpháirtíochta.

Is é 68 % i gcás na mban agus 80 % i gcás na bhfear an ráta fostaíochta a bhí ann (do dhaoine idir 20 bliain-64 bliana d'aois). Is é 74 % ráta fostaíochta foriomlán na hÉireann agus mar sin, tá an sprioc fostaíochta de chuid an AE 2020 de 69-71 % bainte amach aici cheana féin. Tháinig méadú ar an ráta fostaíochta de réir coibhéis lánaimseartha (FTE) i gcás na mban, ó 43 % go 44 %, agus laghdú ar an ráta sin i gcás na bhfear, ó 70 % go 60 %, idir an bhliain 2005 agus 2017, agus dá bhrí sin, tá bearna inscne níos lú ann anois (ó 27 bpointe céatadán (p.c.) go 16 phointe céatadán). Tá an bhearna idir mná agus fir i bhfad níos mó i lánúin a bhfuil leanaí acu, ná an bhearna idir mná agus fir i lánúin gan leanaí (26 p.c. i gcoinne 9 p.c.). Oibríonn thart ar 31 % de mhná go páirtaimseartha, i gcomparáid le 12 % d'fhir. Ar an meán, oibríonn mná 32 uair an chloig in aghaidh na seachtaine, i gcomparáid le 40 uair an chloig i gcás na bhfear.

Tá an comhchruinniú míchothrom idir mná agus fir in earnálacha éagsúla an mhargaidh shaothair fós ina ábhar imní: oibríonn 34 % de mhná i ngairmeacha oideachais, sláinte nó in obair shóisialta, i gcomparáid le 8 % d'fhir. Tá i bhfad níos lú ban (6 %) ná fir (26 %) ag obair i ngairmeacha eolaíochta, teicneolaíochta, innealtóireachta agus matamaitice (STEM).




Airgead

Ghnóthaigh Éire 85.5 pointe i réimse an airgid, lena léirítear méadú 6 pointe ón mbliain 2005 (+ 0.8 pointe ón mbliain 2015), agus bhí feabhas le feiceáil i staideanna eacnamaíochta agus airgeadais ban agus fear araon. Tá Éire rangaithe sa 10ú háit in AE i réimse an airgid.

D'ainneoin na méaduithe ar mheántuilleamh míosúil na mban (+ 21 %) agus na bhfear (+ 12 %) ón mbliain 2006 go dtí an bhliain 2014, tá an bhearna inscne fós ann. Tuilleann na mná pá atá 18 % níos lú ná pá na bhfear. I gcás lánúineacha a bhfuil leanaí acu, tuilleann na mná pá atá 32 % níos lú ná pá na bhfear (22 % níos lú do mhná i lánúineacha nach bhfuil leanaí acu).

Tháinig laghdú ar an mbaol bochtaineachta idir an bhliain 2005 agus an bhliain 2017: tá 17 % de na mná (- 4 p.c.) agus 14 % de na fir (- 3 p.c.) i mbaol. Is iad tuismitheoirí aonair (42 %), mná singile (33 %) agus fir shingile (38 %), agus mná idir 15-24 bliana d'aois (31 %) is mó atá i mbaol bochtaineachta.

Tháinig laghdú ar neamhionannais i leithdháileadh ioncaim i measc na mban agus i measc na bhfear agus eatarthu ón mbliain 2005 go dtí an bhliain 2017. Tuilleann na mná 86 cent ar an meán in aghaidh gach euro a thuilleann na fir san uair, rud a chiallaíonn go bhfuil bearna pá inscne de 14 % i gceist. Is ionann an bhearna inscne pinsin agus 29 %.




Eolas

Ghnóthaigh Éire 66.9 pointe i réimse an eolais, arb ionann agus méadú 6.1 pointe ón mbliain 2005 (+ 0.5 pointe ón mbliain 2015). Tá Éire rangaithe san 8ú háit in AE i réimse an eolais, sin 3.4 pointe níos airde ná scór AE.

Tháinig méadú níos tapúla ar líon na mban a bhain céim threasach amach ná ar líon na bhfear, rud a laghdaigh an bhearna inscne idir an bhliain 2005 agus an bhliain 2017. Tá céim threasach ag thart ar 39 % de mhná, i gcomparáid le 34 % d'fhir (25 % de na mná agus 22 % de na fir sa bhliain 2005). Tá an bhearna inscne níos leithne i measc daoine idir 25 bliana-49 mbliana d'aois agus idir mná agus fir i lánúin a bhfuil leanaí acu (8 p.c. chun dochair do na fir sa dá chás araon). Níor chomhlíon Éire a sprioc náisiúnta atá luaite in AE 2020 go fóill, is é sin go n-éireodh le 60 % de dhaoine idir 30 bliain-34 bliana d'aois oideachas threasach a ghnóthú. Is ionann an ráta sin agus 56 % (60 % i gcás na mban agus 52 % i gcás na bhfear). Tháinig méadú beag ar rannpháirtíocht i bhfoghlaim ar feadh an tsaol idir an bhliain 2005 agus an bhliain 2017. Glacann thart ar 17 % de mhná agus thart ar 16 % d'fhir páirt in oideachas agus oiliúint fhoirmiúil agus neamhfoirmiúil.

Tá an comhchruinniú míchothrom ban agus fear i réimsí staidéir éagsúla san oideachas threasach fós ina dhúshlán d'Éirinn. Déanann thart ar 48 % de na mic léinn bhaineannacha staidéar ar oideachas, ar shláinte agus leas, nó ar dhaonnachtaí agus na healaíona, i gcomparáid le 24 % de na mic léinn fhireannacha.






Am

Níor tháinig aon athrú ar scór na hÉireann i réimse an ama ón uair dheireanach a foilsíodh an tInnéacs, mar níl aon sonraí nua ar fáil. Táthar ag súil leis an gcéad nuashonrú eile i leith na réimse sin sa bhliain 2021. Bheadh sé níos éasca an dul chun cinn sa réimse sin a fheiceáil dá gcuirfí sonraí faoi úsáid ama ar fáil ar bhonn níos minice.

Is é 74.2 scór na hÉireann i réimse an ama, atá i bhfad níos airde ná scór AE ag 65.7. Tháinig laghdú ar neamhionannais i gcomhroinnt ama i gcás freagrachtaí cúraim, agus tá laghdú tagtha ar rannpháirtíocht ban agus fear i ngníomhaíochtaí sóisialta ón mbliain 2005 chomh maith. Glacann mná níos mó freagrachtaí i ndáil le haire a thabhairt dá dteaghlaigh. Tugann 44 % de mhná aire do dhaoine eile sa teaghlach agus cuireann siad oideachas ar dhaoine eile sa teaghlach ar feadh aon uair an chloig ar a laghad sa lá, i gcomparáid le 31 % de na fir. Tháinig laghdú ar an mbearna inscne ón mbliain 2003 i leith, ó 19 p.c. go 14 p.c. I lánúin a bhfuil leanaí acu, tugann 92 % de mhná agus 78 % d'fhir aire dá dteaghlaigh ar bhonn laethúil. Déanann líon níos mó ban (89 %) ná fear (48 %) cócaireacht agus obair tí ar feadh uair an chloig amháin ar a laghad gach lá.

Glacann sciar níos lú de mhná (40 %) ná fir (48 %) páirt i ngníomhaíochtaí spóirt, cultúrtha nó áineasa lasmuigh den bhaile. Tá thart ar 15 % de mhná agus thart ar 18 % d'fhir páirteach i ngníomhaíochtaí deonacha nó carthanachta.




Cumhacht

Ghnóthaigh Éire 53.4 pointe i réimse an eolais, arb ionann agus méadú mór 21.3 pointe ón mbliain 2005 (+ 4.8 pointe ón mbliain 2015). Is é sin an scór is ísle a ghnóthaigh Éire sna réimsí ar fad. Tá na scóir i bhforéimís uile na cumhachta tar éis méadú, agus tá an méadú is mó le feiceáil i bhforéimse na cumhachta eacnamaíche (+31.1 pointe ón mbliain 2005).

Thug Éire cuóta iarrthóra reachtaíochta de 30 % isteach sa bhliain 2012, lenar tacaíodh le méadú ar líon na mban sa pharlaimint (ó 15 % sa bhliain 2011 go 22 % sa bhliain 2016). B'ionann líon na bhfeisirí ban sa pharlaimint agus 24 % sa bhliain 2018, i gcomparáid le 15 % sa bhliain 2005. Bhí níos mó ban ina nairí sa bhliain 2018 (21 %) chomh maith, i gcomparáid le 13 % sa bhliain 2005. Tá 22 % de na baill i gcomhairlí áitiúla ina mná.

Is cúis leis an dul chun cinn i gcinnteoireacht eacnamaíoch iad sciar na mban ar bhord an bhainc cheannais, a mhéadaigh ó 9 % go 30 %, agus sciar na mban ar bhoird na gcuideachtaí is mó atá liostaithe go poiblí, a mhéadaigh faoi thrí (ó 6 % go 18 %). Tá scór na hÉireann i bhforéimse na cumhachta sóisialta mar an dara scór is airde in AE. Tá leath de na baill uile ar bhoird eagraíochtaí cistithe taighde agus eagraíochtaí craolacháin faoi úinéireacht phoiblí ina mná, ach níl ach 17 % de na baill ar bhoird na gcomhlachtaí cinnteoireachta is airde de chuid eagraíochtaí spóirt náisiúnta Oilimpeacha ina mná.




Sláinte

Ghnóthaigh Éire 90.9 pointe i réimse na sláinte, lena léirítear nach bhfuil aon athrú suntasach sa réimse sin ón mbliain 2005 (+ 0.3 pointe ón mbliain 2015). Tá Éire rangaithe sa chúigiú háit in AE i réimse na sláinte. Tá feabhais bheaga le feiceáil i bhforéimse an stádais sláinte, fad is atá rochtain ar sheirbhísí sláinte cobhsaí (ní bhfuarthas aon sonraí nua maidir le foréimse an iompair sláinte).

Ghnóthaigh Éire an scór is airde i bhforéimse an stádais sláinte in AE, agus tá féin-bhraistintí dea-shláinte ar an ráta is airde in Éirinn: braitheann 84 % de mhá agus 83 % d'fhir go bhfuil sláinte mhaith acu. Is í Éire an taon Bhallstát de AE ina bhfuil sciar na mban a bhraitheann go bhfuil sláinte mhaith acu níos airde ná sciar na bhfear. Fuarthas go dtagann méadú ar shásamh sláinte duine de réir a leibhéil oideachais agus go laghdaíonn sé de réir aoise. Tháinig méadú ar ionchas saoil do mhná agus d'fhir araon idir an bhliain 2005 agus an bhliain 2016. Ar an meán, maireann mná 4 bliana níos faide ná mar a mhaireann fir (84 bliana i gcomparáid le 80 bliain).

Tháinig laghdú beag ar rochtain imleor ar sheirbhísí cúraim sláinte in Éirinn ón mbliain 2005 go dtí an bhliain 2017. Tuairiscíonn thart ar 3 % de mhná agus d'fhir go bhfuil riachtanais leighis acu nár comhlíonadh (i gcomparáid le 3 % de mhná agus 2 % d'fhir sa bhliain 2005). Tuairiscíonn níos mó ban agus fear faoi mhíchumais go bhfuil riachtanais leighis nár comhlíonadh acu i ndáil le cúram sláinte (8 % agus 9 % i gcomparáid le mná agus fir nach bhfuil faoi mhíchumais (2 % díobh araon).





Foréigean

Tá foréigean in aghaidh na mban ina chúis le neamhionannais inscne a bheith fós le feiceáil sna réimsí seo a leanas, agus ina iarmhairt orthu — obair, sláinte, airgead, cumhacht, eolas agus am. Murab ionann agus réimsí eile, ní dhéantar na difríochtaí idir cásanna ban agus fear a thomhas i réimse an fhoréigin ach déantar iniúchadh ar eispéireas na mban le foréigean. Ar an gcúis sin, ní chuirtear réimse an fhoréigin san áireamh i ríomhanna an Innéacs Comhionannais Inscne. Ina ionad sin, déantar é a ríomh mar thomhas ilchodach ar leith ar thrí ghné: leitheadúlacht, déine agus nochtadh an fhoréigin in aghaidh na mban. Braitheadh ar thorthaí sonraí shuirbhé Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Chearta Bunúsacha 2014 chun na scóir a ríomh. Ní dhearnadh aon suirbhé ar fhoréigean bunaithe ar inscne ar fud AE ó shin i leith. Ní féidir na scóir a nuashonrú go dtí go gcuirfear an chéad suirbhé eile i gcrích.

Shínigh agus dhaingnigh Éire Coinbhinsiún Chomhairle na hEorpa chun Foréigean in aghaidh na mBan agus Foréigean Teaghlaigh a Chosc agus a Chomhrac (Coinbhinsiún Iostanbúl) i mí an Mhárta 2019.

Cuirtear sonraí nuashonraithe ar fáil i réimse an fhoréigin teaghlaigh maidir le trí tháscaire bhreise d'fhonn cabhrú chun faireachán a dhéanamh ar fheimeamharú, ciorrú ball giniúna ban agus gáinneáil ar dhaoine. Ní bhailíonn na Ballstáit go léir na sonraí sin áfach, agus is gá feabhas a chur ar bhailiú na sonraí.

Ní chuireann Éire sonraí ar fáil faoi íospartaigh bhaineanna i gcás dúnbhásaithe d'aon ghnó ag dlúthpháirtí nó ball teaghlaigh. Léirítear le meastacháin EIGE go bhfuil idir 1 % agus 11 % de 14 577 gcaílín (sa daonra imirceach atá ina gcónaí anseo) i mbaol go ndéanfaí ciorrú ball giniúna ban orthu. Déantar staidrimh ar gháinneáil ar dhaoine a bhailiú agus a thuairisciú. Cláraíodh 39 íospartach ban de gháinneáil ar dhaoine sa bhliain 2016. Tá sonraí

TOSCA COMHTHÉACSÚLA

- Beartais
- Cosc
- Cosaint agus tacaíocht
- dlí substainteach
- Rannpháirtíocht na ngníomhaireachtaí forfheidhmithe dlí
- Creat sochaíoch

TÁSCAIRÍ BREISE

- Foréigean síceolaíoch
- Clapadh gnéasach
- Stalcaireacht
- Pósadh éigeantais
- Gáinneáil ar dhaoine
- Ciorrú ball giniúna ban

BEART ILCHODACH

Scór aonair amháin

1 — 100

inchomparáide, arna nimdhealú de réir inscne, riachtanach chun straitéisí ar fud AE a fhorbairt maidir le foréigean in aghaidh na mban a chosc agus deireadh a chur leis ar fud na mBallstát.



Fócas téamach ar chothromaíocht oibre is saoil

Dírítear san Innéacs Comhionannais Inscne 2019 ar chothromaíocht oibre is saoil — saincheist lena mbaineann fíorthábhacht pholaitiúil in AE. Chomh maith leis na táscairí a bhaineann leis an gcothromaíocht oibre is saoil a tuairiscíodh san Innéacs (e.g. i réimse na hoibre, i réimse an ama agus i réimse an eolais), cuirtear táscairí breise i láthair leis an bhfócas téamach — scórchlár oibre is saoil (scórchlár COS). Cumhdaítear trí réimse leathana leis an scórchlár oibre is saoil: obair ar phá, obair gan phá (cúram) agus oideachas agus oiliúint. Cuirtear 15 tháscaire i láthair ann i sé réimse shainiúla ar ábhar imní iad: beartais maidir le saoire thuismitheoireachta; cúram do leanaí agus seirbhísí cúraim leanaí; cúram neamhhoirmiúil do dhaoine scothaosta agus do dhaoine faoi mhíchumais agus seirbhísí cúraim fhadtéarmaigh; iompar agus bonneagar; socruithe solúbtha oibre; agus foghlaim ar feadh an tsaoil.

Beartais maidir le saoire thuismitheoireachta

Tugann saoire thuismitheoireachta deis do thuismitheoirí cothromaíocht a bhaint amach idir a ndualgais chúraim agus a saol oibre. Ní bhíonn sé ar fáil do thuismitheoirí féideartha go minic áfach, mar d'fhéadfadh a nincháilitheacht a bheith bunaithe ar chritéir amhail na tuismitheoirí a bheith i bhfostaíocht le pá; iad a bheith fostaithe nó féinfhostaithe; an earnáil ina n-oibríonn siad; a dtréimhse seirbhíse; nó d'fhéadfadh nach mbeadh lánúineacha comhghnéis nó imircigh ábalta tairbhe a bhaint as an saoire sin. Tá rochtain tuismitheoirí ar shaoire ina hábhar imní níos mó anois de thoradh ar athruithe sa mhargadh saothair, amhail cineálacha neamhthpiciúla fostaíochta a bheith ag éirí níos forleithne (e.g. conarthaí sealadacha agus obair ar conradh, féinfhostaíocht bhréige, obair bunaithe ar dhearbháin), go

háirithe i gcásanna ina mbíonn sí bunaithe ar shainmhínte ar ghnáthfhostaíocht thraidisiúnta.

Sa bhliain 2016, ní raibh 46 % de mhná agus 41 % d'fhir idir 20 bliain-49 mbliana d'aois (tuismitheoirí féideartha) incháilithe do shaoire thuismitheoireachta in Éirinn. Bhí dífhostaíocht nó neamhghníomhaíocht ina cúis le neamh-incháilitheacht do 70 % de mhná agus do 35 % d'fhir. Bhí tréimhse fostaíochta neamhleor ina cúis le neamh-incháilitheacht do 19 % de mhná agus do 25 % d'fhir. Ní raibh an 11 % eile de mhná agus an 40 % eile d'fhir incháilithe do shaoire thuismitheoireachta toisc go raibh siad féinfhostaithe. Tá tuismitheoirí comhghnéis incháilithe do shaoire thuismitheoireachta in Éirinn. I measc an daonra fostaithe, bhí 20 % de mhná agus 32 % d'fhir neamh-incháilithe do shaoire thuismitheoireachta a fháil.

Cúram leanaí neamhfhoirmiúil agus seirbhísí cúraim leanaí

De réir mar atá líon na dteaghlach dhá ioncaim agus na dteaghlach aontuismitheora ag dul i méid, tá riachtanais nua le haghaidh seirbhísí cúraim leanaí ag teacht chun cinn. Tá géarghá le seirbhísí cúraim leanaí ar ardcháilíocht, a bhfuil fáil orthu, atá inrochtana agus inacmhainne chun deis a thabhairt do thuismitheoirí fanacht sa mhargadh saothair nó dul isteach ann agus an bhearna inscne san fhostaíocht a laghdú.

In Éirinn, tá 56 % de na cúramóirí leanaí neamhfhoirmiúla ina mná. Ar an iomlán, tá 68 % de mhná agus 63 % d'fhir rannpháirteach i gcúram a thabhairt dá gclann nó dá ngarchlann, nó in oideachas a chur orthu, cúpla uair sa tseachtain ar a laghad. I gcomparáid le meán AE (56 % de mhná agus 50 % d'fhir), tá níos mó fear agus ban rannpháirteach i gcúram a thabhairt dá gclann nó dá ngarchlann, nó in oideachas a chur orthu, in Éirinn. Tá an bhearna inscne níos leithne idir mná agus fir nach bhfuil ag obair (63 % agus 39 %), i gcomparáid le mná agus fir atá

fostaithe nach bhfuil aon bhearna inscne eatarthu (75 % díobh araon).

Bhain Éire dhá sprioc Barcelona amach, go mbeadh 33 % ar a laghad de na leanaí faoi bhun 3 bliana d'aois agus 90 % de na leanaí idir 3 bliana d'aois agus aois scoile i gcúram leanaí. Tá thart ar 34 % de na leanaí faoi bhun 3 bliana d'aois i socruithe cúraim fhoirmiúil de chineál éigin, agus tá 11 % de na leanaí san aoisghrúpa sin i gcúram leanaí foirmiúil ar feadh 30 uair an chloig in aghaidh na seachtaine ar a laghad. Cuirtear cúram leanaí foirmiúil ar fáil do 93 % de leanaí idir trí bliana d'aois agus an aois éigeantach scoile íosta (tá 26 % díobh i gcúram leanaí foirmiúil ar feadh 30 uair an chloig in aghaidh na seachtaine ar a laghad). Tuairiscíonn thart ar 17 % de theaghlach in Éirinn go bhfuil riachtanais nár comhlíonadh acu i ndáil le seirbhísí cúraim leanaí fhoirmiúil. Is dóichí go dtuairisceodh máithreacha aonair níos mó riachtanais nár comhlíonadh i ndáil le seirbhísí cúraim leanaí fhoirmiúil (28 %), i gcomparáid le lánúineacha a bhfuil leanaí acu (15 %).

Cúram neamhfhoirmiúil do dhaoine scothaosta agus do dhaoine faoi mhíchumais agus seirbhísí cúraim fhadtéarmaigh

Tá bonneagar agus seirbhísí infhaighte, inrochtana agus inacmhainne rithabhachtach chun deis a thabhairt do dhaoine a bhfuil freagrachtaí cúraim orthu cothromaíocht mhaith a choinneáil idir a ndualgais chúraim agus a saol oibre. Baineann sé sin le mná go háirithe, a bhíonn ról níos mó acu ná na fir go minic i gcúram foirmiúil agus neamhfhoirmiúil daoine scothaosta nó daoine faoi mhíchumais. I bhfianaise na dtreochtaí déimeagrafacha atá ag teacht chun cinn, amhail sochaithe atá ag dul in aois, rátaí breithe níos ísle agus dá bhrí sin, meath ar an daonra atá in aois oibre, tá an gá le seirbhísí cúraim fhadtéarmaigh fhoirmiúil agus neamhfhoirmiúil níos tábhachtaí na riamh.

Tá tromlach na gcúramóirí neamhfhoirmiúla do dhaoine scothaosta nó do dhaoine faoi mhíchumais in Éirinn ina mná (55 %). Is ionann na sciartha de mhná agus fir atá rannpháirteach i gcúram neamhfhoirmiúil do dhaoine scothaosta nó do dhaoine faoi mhíchumais cúpla lá sa tseachtain nó gach lá agus 15 % agus 13 % faoi seach. Is

ionann cion na mban atá rannpháirteach i gcúram neamhfhoirmiúil agus meán AE, fad is atá rannpháirtíocht na bhfear 3 p.c. níos airde. Tugann thart ar 24 % de mhná agus 14 % d'fhir idir 50 bliain-64 bliana d'aois aire do dhaoine scothaosta nó do dhaoine faoi mhíchumais, i gcomparáid le 12 % de mhná agus 11 % d'fhir idir 20 bliain-49 mbliana bliana d'aois. Tá thart ar 26 % de chúramóirí ban do dhaoine scothaosta nó do dhaoine faoi mhíchumais ina bhfostaithe, i gcomparáid le 54 % d'fhir a chomhlíonann dualgais chúraim in éineacht le freagrachtaí gairmiúla. Tá líon níos lú ban ná fear ina gcúramóirí neamhfhoirmiúla ag obair in AE chomh maith. Ach tá an bhearna inscne níos mó in Éirinn ná mar atá in AE (28 p.c. i gcomparáid le 14 p.c. i gcás AE). I gcás daoine idir 50 bliain-64 bliana d'aois, oibríonn 39 % de chúramóirí neamhfhoirmiúla ban, i gcomparáid le 59 % de na fir. Tuairiscíonn thart ar 32 % de na mná agus na fir in Éirinn go bhfuil riachtanais nár comhlíonadh acu i ndáil le seirbhísí cúraim bhaile gairmiúla.

Iompar agus Bonneagar

Bíonn tionchar ag rochtain ar bhonneagar poiblí inacmhainne agus ardcháilíochta, amhail saoráidí cúraim agus oideachais, seirbhísí sláinte agus iompair, ar na deiseanna a bhíonn ag mná agus fir chun cothromaíocht a bhaint amach idir obair ar phá agus gníomhaíochtaí eile. Bíonn tionchar ag roinnt mhíchothrom dualgais cúraim idir mná agus fir ar na bealaí ina mbaineann siad úsáid as cineálacha éagsúla iompair agus bonneagair agus ar na riachtanais a bhíonn acu ina leith. Is táscaire maith é an tam a chaitear ar chomaitéireacht ar cibé an bhfuil an bonneagar poiblí atá ann faoi láthair ina chabhair nó ina bhac ar mhná agus fir agus a gcuid gníomhaíochtaí laethúla a nionramháil acu.

In Éirinn, caitheann fir thart ar 8 nóiméad níos mó ar chomaitéireacht chuig an obair agus ar ais uaithi gach lá ná mar a chaitheann mná (thart ar 52 nóiméad d'fhir i gcomparáid le thart ar 44 nóiméad do mhná). Caitheann fir i lánúineacha a bhfuil leanaí acu thart ar 55 nóiméad in aghaidh an lae ar chomaitéireacht, i gcomparáid le

43 nóiméad in aghaidh an lae i gcás ban i lánúineacha a bhfuil leanaí acu agus 49 nóiméad in aghaidh an lae i gcás fear i lánúineacha nach bhfuil leanaí acu. De ghnáth, caitheann mná singile níos mó ama ar chomaitéireacht ná mar a chaitheann mná i lánúineacha. Caitheann mná níos lú ama ar chomaitéireacht ná mar a chaitheann fir, beag beann ar iad a bheith ag obair go lánaimseartha nó go páirtaimseartha. Taistealaíonn mná a oibríonn go páirtaimseartha ar feadh 39 nóiméad ag dul óna mbailte go dtí a láithreacha oibre agus ar ais, fad is a thaistealaíonn fir ar feadh 45 nóiméad, i gcomparáid le 49 nóiméad i gcás ban agus 54 nóiméad i gcás fear a oibríonn go lánaimseartha.

De ghnáth, is dóichí go dtaistealóidh fir go díreach chuig an láthair oibre agus abhaile uaithi, ach déanann mná turais ilchuspóireacha, chun gníomhaíochtaí eile a dhéanamh ag an am céanna amhail turais go dtí an scoil nó siopadóireacht bhia.

Socruithe solúbtha oibre

Le socruithe solúbtha oibre, amhail deiseanna chun aistriú idir obair pháirtaimseartha agus obair lánaimseartha, solúbthacht in uaireanta oibre agus obair go cianda, tugtar deis níos mó d'fhostaithe an méid oibre a dhéanann siad, cathain a dhéantar an obair agus an áit ina ndéanann siad an obair a rialú de ghnáth. Má cheaptar go cúramach iad, agus riachtanais éagsúla ban agus fear á gcoinneáil i gcuimhne, féadfaidh socruithe solúbtha oibre a bheith ina gcabhair chun cothromaíocht oibre is saoil a bhaint amach. D'fhéadfadh socruithe dá leithéidí cabhrú le daoine a bhfuil freagrachtaí cúraim orthu dul isteach sa mhargadh saothair mar fhostaithe lánaimseartha.

Thuiriscigh níos mó ban (66 %) ná fear (51 %) nach bhfuil aon smacht acu ar a socruithe ama oibre. Is é sin an bhearna inscne is leithne in AE. Tá rochtain ar shocruithe solúbtha oibre níos ísle do mhná agus beagán níos airde d'fhir in Éirinn ná mar atá in AE, áit a dtuiriscigh 57 % de mhná agus 54 % d'fhir nach raibh aon seans acu a gcuid socruithe ama oibre a athrú. Níl aon smacht ag dhá thrian de mhná ar a gcuid socruithe ama oibre sna hearnálacha príobháideacha (66 %) agus poiblí (67 %) araon, cé go bhfuil rochtain i bhfad níos mó ar shocruithe ama oibre solúbtha ag fir san earnáil phríobháideach (tá 47 % gan aon rochtain ar am oibre solúbtha, i gcomparáid le 70 % san earnáil poiblí).

Foghlaim ar feadh an tsaoil

De thoradh ar an dul chun cinn leanúnach sa teicneolaíocht bíonn ar oibríthe scileanna nua a fhoghlaim ar bhonn leanúnach agus a choinneáil cothrom le dáta maidir le forbairtí nua agus teicneolaíochtaí nua ar feadh a ngairmeacha. Spreagtar comhionannas inscne le foghlaim ar feadh an tsaoil mar tugtar rogha níos mó léi do mhná agus d'fhir ó thaobh a roghanna oibre de, mar aon le tuilleadh deiseanna chun a lánacmhainneacht a bhaint amach. Féadfaidh acmhainní airgeadais neamhleora agus bacainní ama amhail coinbhleachtaí le sceidil oibre nó freagrachtaí teaghlaigh bac a chur ar rochtain ar fhoghlaim ar feadh an tsaoil do mhná agus d'fhir araon. Féadfaidh foghlaim ar feadh an tsaoil cabhrú le mná filleadh ar an margadh saothair tar éis sosanna gairme de bharr freagrachtaí cúraim.

Tá an ráta rannpháirtíochta i foghlaim ar feadh an tsaoil (9 %) in Éirinn faoi bhun mheánráta AE, agus tá bearna inscne 2 p.c. i gceist. Is dóichí go nglacfaidh mná (idir 25-64

bliana d'aois) páirt in oideachas agus oiliúint ná fir, beag beann ar a stádas fostaíochta, seachas fir nach bhfuil gníomhach sa gheilleagar, ar dhóichí go nglacfaidís páirt i bhfoghlaim ar feadh an tsaoil ná mná nach bhfuil gníomhach sa gheilleagar (14 % i gcomparáid le 9 %). Tá coinbhleachtaí le sceidil oibre ina mbacainn níos mó ar rannpháirtíocht i bhfoghlaim ar feadh an tsaoil d'fhir (27 %) ná do mhná (18 %). Tuairiscítear freagrachtaí teaghlaigh mar bhacainní ar rannpháirtíocht in oideachas agus oiliúint do 43 % de mhná i gcomparáid le 28 % d'fhir. Tá freagrachtaí teaghlaigh ina mbac níos mór ar rannpháirtíocht i bhfoghlaim ar feadh an tsaoil in Éirinn ná mar atá in AE ina iomláine, fad is a thuiriscítear nach bhfuil an sceideal oibre ina bhac chomh mór sin le meán AE. In AE, tuairiscíonn 38 % de mhná agus 43 % d'fhir go bhfuil a sceideal oibre ina bhac, agus tuairiscíonn 40 % de mhná agus 24 % d'fhir go gcuireann freagrachtaí teaghlaigh bac ar rannpháirtíocht i bhfoghlaim ar feadh an tsaoil.

Léigh tuilleadh faoin Innéacs Comhionannais Inscne ag

<http://eige.europa.eu/gender-equality-index>

An Institiúid Eorpach um Chomhionannas Inscne

Is é an Institiúid Eorpach um Chomhionannas Inscne (EIGE) lárionad eolais an Aontais Eorpaigh um chomhionannas inscne. Cuireann EIGE tacaíocht ar fáil don lucht déanta beartas agus gach institiúid ábhartha agus iad ag iarraidh an comhionannas idir fir agus mná a chur i bhfeidhm i saol na nEorpach ach saeolas sonrath agus sonraí inchoimparáide iontaoifa a chur ar fáil dóibh maidir leis an gcomhionannas inscne san Eoraip.

© An Institiúid Eorpach um Chomhionannas Inscne, 2019

Údaráitear atáirgeadh, ar choinníoll go n-admhaítear an fhoinsé.



An Institiúid Eorpach um Chomhionannas Inscne
Gedimino pr. 16
LT-01103 Vilnius
AN LIOTUÁIN

Sonraí teagmhála

<http://eige.europa.eu/>
[facebook.com/eige.europa.eu](https://www.facebook.com/eige.europa.eu)
twitter.com/eurogender
[youtube.com/user/eurogender](https://www.youtube.com/user/eurogender)
eige.sec@eige.europa.eu
+370 52157444



Oifig Foilseachán
an Aontais Eorpaigh